An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Márta 2025, Eagrán 10

# Faisnéis agus Nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Réamhrá

Is é seo an deichiú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Príomh-nuashonraithe

**Comhairliúchán oscailte anois.**
Tá an comhairliúchán poiblí ar ábhair Tráinse 2 oscailte anois.
Tabhair cuairt ar "Have Your Say" ar NCCA.ie anois.

**Sonraíochtaí deiridh– cá bhfuil siad ar fáil?**
Tá sonraíochtaí deiridh le haghaidh ábhair Tráinse 1 ar fáil ar curriculumonline.ie.

Preasráiteas: D'fhógair an tAire Oideachais agus Óige Helen McEntee TD. sonraí faoin gcéim dheiridh de Scéim na Leabhar Scoile Iar-Bhunscoil. Léigh anseo.



Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar https://www.gov.ie/seniorcycle

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí: scr_info@education.gov.ie.

# Bíodh do thuairim agat
## Comhairliúcháin oscailte anois
## Ábhair i dTrainse 2

Béarla

Tá trí chomhpháirt mheasúnaithe sa dréachtsonraíocht Bhéarla: scrúdú scríofa, scrúdú cainte agus tasc scríbhneoireachta cruthaithí.

Tíreolaíocht

Innealtóireacht

Corpoideachas

Cuntasaíocht

Staidéar foirgníochta

Athainmneofar Staidéar foirgníochta mar Teicneolaíochta Foirgníochta

Nascmhodúil GCAT

Athainmneofar GCAT mar Staidéar Pobail, Saoil agus Oibre na hArdteiste

Is éard atá i gceist leis an gcomhairliúchán ná dian-rannpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara ar fud na hÉireann. Beidh CNCM i dteagmháil le scoileanna freisin maidir le páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais scoilbhunaithe a bhfuil múinteoirí, scoláirí agus ceannairí scoile páirteach iontu.

1. **Tabhair cuairt ar NCCA.ie**
2. **Cliceáil "Comhairliucháin"**
3. **Nó cliceáil ar na naisc thuas**

# An Chomhdháil um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile

Tionóladh an Chomhdháil um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile na Roinne Oideachais ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i Mí Feabhra 2025.

D'fhreastail os cionn 400 ceannaire scoile ar an gcomhdháil, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara in Earnáil Oideachais na Sraithe Sinsearaí.
Cuirfear sleamhnáin agus físeáin ón lá ar fáil ar gov.ie/seniorcycle in am trátha.

Tá Oifig Bainistíochta Clár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí ag déanamh anailíse ar aiseolas a fuarthas trí Mentimeter ar an lá, in éineacht leis an suirbhé iar-imeacht.



# An Chomhdháil um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile










# An Chomhdháil um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile

















# An Chomhdháil um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile


















# Tacaíocht IS Oide do mhúinteoiri agus do cheannairí scoile

Cuireann Oide tacaíocht chuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS), go háirithe IS Ghiniúnach (IS Gin) san oideachas. Soláthraíonn leathanach gréasáin tiomnaithe, Intleacht Shaorga i Scoileanna, rochtain ar acmhainní lena n-áirítear réamhchúrsa ar líne, "IS do Scoileanna." Cuidíonn an cúrsa seo le hoideachasóirí IS a thuiscint, ag cur béim ar phríomhdhoiciméid bheartais agus ar bhreithnithe eiticiúla mar atá leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027.

I measc na n-acmhainní atá againn tá;

- Tacaíocht scoile shaincheaptha, áit a mbíonn ceannaire foghlama gairmiúla ó fhoireann na dteicneolaíochtaí digiteacha ag soláthar tacaíochta atá curtha in oiriúint do shainriachtanais gach scoile, ag díriú ar úsáid IS san fhoghlaim, teagasc agus measúnú,
- Sraith Físeán IS do Scoileanna, sraith agallamh le saineolaithe ar ábhar IS i gcomhthéacs oideachais na hÉireann agus na hEorpa.
- Cuireann Mol IS Webwise um shábháilteacht ar líne, faisnéis agus acmhainní ar fáil maidir leis an intleacht shaorga agus conas is féidir léi tairbhe agus tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí, chomh maith leis na srianta agus na hábhair imní atá ann faoi láthair maidir lena húsáid.
- Rinneadh gineadóir PÚI Webwise a nuashonrú le déanaí, ag soláthar 21 ráiteas a threoraíonn úsáid chuí uirlisí IS i do scoil.
- Intleacht Shaorga: Grafaic Faisnéise le Cúig Bhreithniú maidir le hÚsáid Múinteoirí. Treoir bheacht chun tacú le comhtháthú freagrach, éifeachtach agus cuimsitheach IS i gcleachtas múinteoirí.
- Creat RIST le Leideanna chun IS a chur i bhfeidhm sa teagasc. Acmhainn phraiticiúil atá deartha chun cabhrú le hoideachasóirí leideanna soiléire, éifeachtacha a chruthú chun idirghníomhú le huirlisí IS Gin.

Dearadh na hacmhainní seo leis an eolas a thabhairt d'oideachasóirí chun IS a úsáid go héifeachtach agus go heiticiúil ina dtimpeallacht ghairmiúil

# Nuashonruithe Oide

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Tá Eispéiris Foghlama Gairmiúla (EFG Lá a 2) d'Eolaíochtaí na Sraithe Sinsearaí ag dul ar aghaidh in Ionaid Oideachais ar fud na tíre agus beidh siad ag dul ar aghaidh go dtí tús mhí Aibreáin.

Tá EFG Lá a 2 dírithe go sonrach ar mhúinteoirí Bitheolaíochta, Ceimice agus Fisice agus dearadh an EFG chun:

- An tSonraíocht a chur i láthair
- Dul i ngleic le hábhar atá aitheanta agus nach bhfuil aitheanta trí lionsa na foghlama bunaithe ar fhiosrú agus an snáithe aontach
- Tacú leis an bpleanáil d'Eolaíochtaí na Sraithe Sinsearaí sna blianta romhainn

Chun d'áit a chlárú do na himeachtaí seo cliceáil le do thoil ar: Múinteoirí - Oide

**Amlínte d'Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha le haghaidh Tráinse 1**

Samhain 2024
Tá Treoirlínte maidir le Comphairt Measúnaithe Bhreise (CMB) ar fáil ar curriculumonline.ie

Aibreán 2025
Eiseofar ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha – dá cheann don Ardleibhéal agus dá cheann don Ghnáthleibhéal – i leith gach ábhar Tráinse 1 chuig scoileanna. Seo 36 páipéar samplach sna naoi n-ábhar – 72 páipéar ar an iomlán nuair a chuirtear leganacha Gaeilge san áireamh. Beidh treoir maidir le leithdháiltí marcanna san áireamh sna páipéir.

Meán Fómhair 2025

Cuirfear sonraíochtaí in ábhair nua agus in ábhair athbhreithnithe isteach sna scoileanna.  Beidh achoimre shamplach don CMB i ngach ábhar sna scoileanna ag an am céanna

Éanair 2026
Eiseofar an achoimhre bheo le haghaidh CMBanna i ngach ábhar

Oide

# Sraith Seimineár Gréasáin Foghlaim Ghairmiúil

Tá Oide ag cur sraith seimineár gréasáin beo agus idirghníomhach ar fáil do mhúinteoirí ábhair Thráinse 1 na Sraithe Sinsearaí, anois ó foilsíodh Páipéir Shamplacha CSS. I measc na n-ábhar, áirítear:

- Fisic
- Ceimic
- Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta
- Bitheolaíocht
- Gnó
- Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
- Teangacha Clasaiceacha - An tSean-Ghréigis & Laidin

Cuirfear an tsraith seo, a dearadh i gcomhar le Coimisiún na Scrúduithe Stáit, ar fáil thar thréimhse coicíse ón Luan 28 Aibreán go dtí an Aoine 9 Bealtaine. Dearadh an sceideal chun rogha agus solúbthacht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí agus iad ag clárú do na seimineáir ghréasáin seo. Cuirfear ionadaíocht ar fáil.

## Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

### Páipéir Shamplacha CSS le haghaidh ábhar i dTráinse 1

## Sceideal na seimineár gréasáin

| Dé Luain 28 Aibreán | Dé Máirt 29 Aibreán | Dé Céadaoin 30 Aibreán | Déardaoin 1 Bealtaine | Dé hAoine 2 Bealtaine |
|---|---|---|---|---|
| Bitheolaíocht 09:15 - 11:15 | Gnó 09:15 - 11:15 | Fisic 09:15 - 11:15 | Ceimic — nó — Teangacha Clasaiceacha 09:15 - 11:15 | Bitheolaíocht 09:15 - 11:15 |
| Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe 13:30 - 15:30 | Ceimic 13:30 - 15:30 | | Gnó 13:30 - 15:30 | |

| Dé Luain 5 Bealtaine | Dé Máirt 6 Bealtaine | Dé Céadaoin 7 Bealtaine | Déardaoin 8 Bealtaine | Dé hAoine 9 Bealtaine |
|---|---|---|---|---|
| Lá Saoire Bainc | Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe 09:15 - 11:15 | Gnó 09:15 - 11:15 | Bitheolaíocht 09:15 - 11:15 | Fisic 09:15 - 11:15 |
| | Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta 13:30 - 15:30 | | Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta 13:30 - 15:30 | |

- Clúdach ionadaíochta curtha ar fáil
- 15 imeacht aonair bheo agus idirghníomhacha, le deiseanna do C&F
- Rannpháirtíocht 2 uair an chloig le foirne ábhar Oide
- Rogha agus solúbthacht maidir le clárú
- Beidh imeacht foghlaim ghairmiúil iomlán lae i bpearsa ann ina dhiaidh sin, i dTéarma 1 de 2025/2026, agus fócas ar an measúnú

Osclófar an clárú Déardaoin 27 Márta agus dúnfar é Dé Céadaoin, 9 Aibreán. Cláróidh bainistíocht na scoile sonraí na múinteoirí do gach seimineár gréasáin trí chlárúchán Oide a úsáid.

**Cliceáil anseo chun rochtain a fháil ar Chóras clárúcháin Oide**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# Forbairt na Sraithe Sinsearaí i do scoil a threorú

**Tugann an t-eispéireas foghlama gairmiúla seo deis do cheannairí scoile a dtosaíochtaí d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a dheimhniú agus a chur chun cinn. Trí chomhoibriú le ceannairí scoile eile, tá sé mar aidhm againn tacú leat agus tú ag pleanáil chur i bhfeidhm rathúil na Sraithe Sinsearaí.**

**Tabharfar aghaidh san eispéireas foghlama gairmiúla seo ar na cuspóirí seo a leanas:**

- Léargas agus muinín a fháil chun cruth a chur ar thuras forbartha na Sraithe Sinsearaí i do scoil
- Cleachtais éifeachtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe a threorú chun foghlaim agus gnóthachtáil scoláirí a dhaingniú
- Cultúr comhoibríoch a thacaíonn le cur chuige scoláire-lárnach agus a chuireann le foghlaim na scoláirí a chothú

- Dátaí: Márta go Bealtaine 2025
- Suíomh: Sraith d'EFGnna Réigiúnacha - Féach Áirithint Imeachtaí le haghaidh sonraí
- Tugtar cuireadh in aghaidh na scoile do bheirt Cheannairí Scoile cláraithe a bheith i láthair
- Cuirtear clúdach ionadaíochta ar fáil, nuair is gá
- Ní mór do rannpháirtithe gléas digiteach a thabhairt leo

**Scan nó cliceáil ar an gcód MF chun rochtain a fháil ar Áirithint Imeachtaí**

Áirithint Imeachtaí

@Oide_Leadership oide.ie linda.hogan@oide.ie

Cliceáil anseo chun tuilleadh cúnaimh a fháil maidir le Faisnéis Áirithinte

# Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 – Foghlaim Ghairmiúil

## Foghlaim Ghairmiúil do Scoileanna Speisialta

Faoi láthair, tá Oide ag cur foghlaim ghairmiúil chnuasaigh ionscoile agus ar líne ar fáil do scoileanna speisialta do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Go dtí seo tá os cionn 800 ceannaire scoile agus múinteoir tar éis tabhairt faoin bhfoghlaim ghairmiúil sin. Seoladh sonraí na foghlama gairmiúla sin chuig príomhoide gach scoile speisialta, mura bhfuair tú an ríomhphost seo, déan teagmháil le eolas@oide.ie le huimhir rolla do scoile.

Chomh maith leis an bhfoghlaim ghairmiúil dúnta scoile, óstálfaidh Oide seisiún eolais ar líne do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ó scoileanna speisialta ar CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sinsearaí i mí na Bealtaine. Chun d'áit a chur in áirithe téigh chuig  Múinteoirí - Oide agus cuardaigh CFL1anna CFL2nna na Sraithe Sinsearaí. Tá taifeadtaí de na seisiúin eolais roimhe seo do scoileanna speisialta ar fáil ar shuíomh gréasáin Oide anseo.

## Foghlaim Ghairmiúil d'Iar-bhunscoileanna

Mar chuid den chnuasfhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí Iar-bhunscoile, rinne Oide iniúchadh ar CFL1anna agus ar CFL2nna na Sraithe Sinsearaí. D'fhreastail thart ar 1300 múinteoir ar na cnuasaigh foghlama gairmiúla seo.


Chomh maith leis an gcnuasach foghlama gairmiúla, d'óstáil Oide dhá sheimineár gréasáin ar CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sinsearaí i dTéarmaí 1 agus 2. Is féidir teacht ar thaifeadtaí na seimineár gréasáin sin ar shuíomh gréasáin Oide anseo. Beidh an tríú seimineár gréasáin ar CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sinsearaí á óstáil againn d'Iar-bhunscoileanna i mí na Bealtaine. Chun d'áit a chur in áirithe téigh chuig Múinteoirí - Oide agus cuardaigh CFL1anna CFL2nna na Sraithe Sinsearaí. Tá fáilte roimh cheannairí scoile agus roimh gach múinteoir ó Iar-bhunscoileanna freastal ar an seimineár gréasáin seo.

# Comhairliúchán Náisiúnta ar Threoir Iar-bhunscoile oscailte anois

Ba mhaith le hAonad Treorach na Roinne Oideachais cuireadh a thabhairt do gach páirtí leasmhar um threoir iar-bhunscoile páirt a ghlacadh i gComhairliúchán Náisiúnta um Threoir Iar-Bhunscoile laistigh de Thírdhreach Treorach ar feadh an tSaoil.

Tá fáilte roimh chách páirt a ghlacadh sa comhairliúchán, lena n-áirítear daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí, srl. Tá go leor bealaí éagsúla chun páirt a ghlacadh

Beidh an comhairliúchán oscailte go dtí 5in ar an 9 Aibreán.


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

National Strategic Framework for Lifelong Guidance (2024-2030)
December 2023

Tá an comhairliúchán ar fáil anseo: gov.ie - Comhairliúchán Náisiúnta ar Threoir Iar-bhunscoile

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar
https://www.gov.ie/seniorcycle

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí:
scr_info@education.gov.ie.

An Roinn Oideachais
Department of Education